

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en, it)

14386/26
ADD 3

SOC 656
ANTIDISCRIM 93

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas – <i>Formheas</i> <i>Ráiteas ó thoscaireacht na hIodáile</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na hIodáile maidir leis na conclúidí thuasluaite.

**Ráiteas ó Phoblacht na hIodáile maidir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis
an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas**

Tá an Iodáil tiomanta i gcónaí do chearta an duine atá ag daoine LADT+ a chosaint agus a chur chun cinn agus do gach cineál idirdhealaithe, foréigin agus ciaptha ina gcoinne a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

A mhéid a bhaineann leis an tagairt do ‘féiniúlacht inscne’ sna Conclúidí ón gComhairle, tugann an Iodáil dá haire go ndéantar foráil ina creat dlíthiúil náisiúnta de bhun Dlí Uimh. 164 an 14 Aibreán 1982 don aitheantas dlíthiúil d’athruithe ar inscne chláraithe trí nós imeachta rialaithe. Ní cheadaítear faoi chreat dlíthiúil na hIodáile aitheantas a thabhairt bunaithe ar fhéinaitheantas an duine aonair agus air sin amháin.

Chun críocha na gConclúidí seo ón gComhairle, dá bhrí sin, léirmhíníonn an Iodáil an téarma ‘féiniúlacht inscne’ de réir a creata náisiúnta dlíthiúil, gan dochar don chosaint a thugtar faoi dhlí an Aontais agus faoi chásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais.

Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Iodáil gur fearr léi an téarmaíocht a leagtar amach in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a úsáid nuair atá forais idirdhealaithe á lua go sainráite.